

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA DON OIDEACHAS

2017

Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Ráite 1



AN BOINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Réamhrá

Sa Phlean Gníomhaíochta 2016-2019 leagtar amach ár Straitéis Ráitis ina bhfuil uaimhian ardleibhéal ann do chóras Oideachais agus Oiliúna na hÉireann, le bheith mar an tseirbhís oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip faoi 2026.

I mí Feabhra na bliana seo d'fhoilsíomar ár bPlean Gníomhaíochta do 2017. Agus é ag eascairt ó straitéis agus plean 2016-2029 sa phlean gníomhaíochta bliantúil leagtar amach níos mó ná 400 gníomh a dhíríonn go háirithe ar ár spriocanna a bhaint amach chun:

1. Feabhas a chur ar eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí
2. Feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó na bhfoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
3. Cuidiú leo siúd atá ag soláthar seirbhísí oideachais feabhsú go leanúnach
4. Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal i gcoitinne
5. Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta

Léiríonn Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2017 clár athchóirithe straitéiseach suntasach atá ar siúl i gcúrsaí oideachais agus oiliúna agus aithnítear an tábhacht a bhaineann le feidhmeanna gnó tábhachtacha le leanúnachas an ghnó agus caighdeán na seirbhíse dár bpáirtithe leasmhara uile a chinntiú. Táimid ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach agus chasta, atá cruthaithe go háirithe de bharr athruithe eacnamaíoch, sóisialta, teicneolaíoch, cultúrtha agus déimeagrafacha. Táimid tiomanta do chur chuige comhairleach i dtreo fhorbairt agus fhorfheidhmiú ár bpolasaithe. Léiríonn na gníomhartha na tionchair seo agus castacht agus éagsúlacht na hearnála oideachais agus oiliúna agus na dúshláin agus saincheisteanna a bhaineann leis na hearnálacha éagsúla lena n-áirítear na luathbhlianta, bunscoil agus iarbhunscoil agus breisoideachas agus ardoideachas agus oiliúint.

Is é seo an chéad tuairisc ar dhul chun cinn ar an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017. Tugtar breac-chuntas ar an dul chun cinn atá déanta ar na gníomhartha agus foghniomhartha atá le soláthar don chéad ráithe in 2017. Cé go gcuirtear sonraí ar fáil maidir leis an méid a baineadh amach le linn na tréimhse seo, sa tuairisc cuirtear tuairisc suas chun dáta ar fáil freisin áit a ndearnadh dul chun cinn suntasach, ach áit ina raibh gá leis an spriocdháta a shocrú do ráithe a dó.

Léargas Ginearálta

Gníomhartha atá le seachadadh faoi dheireadh ráithe 1, 2017

Sa Phlean Gníomhaíochta do 2017 bhí 78 gníomh agus foghniomh a bhí le seachadadh faoi dheireadh ráithe 1 in 2017. As iad seo baineadh amach 62 gníomh agus foghniomh, a thugann ráta críochnaithe de 79.5%.

San áireamh sna gníomhartha a baineadh amach sna chéad trí mhí de Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017 tá na cinn seo a leanas:

Spríoc 1: Feabhas a chur ar an eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí

- Foilsíodh an tAthbhreithniú eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta ar an 14 Márta
- Dáileadh €30m ar na scoileanna incháilithe uile i R1 2017 le trealamh TFC a sholáthar faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015- 2020

Spríoc 2: Feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó na bhfoghlaimeoirí a bhfuil

- Lainseáladh An Plean um Ag Soláthar Comhdheiseanna i Scoileanna i mí Feabhra 2017. Sa Phlean leagtar amach spriocanna nua chun tuilleadh feabhais a chur ar an litearthacht agus uimhearthacht; feabhas a chur ar

**riachtanais speisialta
oideachais acu**

rátaí críochnaithe scoileanna; feabhas a chur ar an dul chun cinn chuig breisoideachas agus ardoideachas

- Cuireadh tús le samhail nua leithdháilte a chur i bhfeidhm chun deis a thabhairt do mhúinteoirí a leithdháileadh i scoileanna príomhshrutha chun tacú le leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu
- Tá an tSeirbhís Tacaíochta um Chuimsiú, chun cuidiú le scoileanna le hoideachas a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, aistrithe anois go hiomlán ón Roinn go dtí an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

**Spríoc 3: Cuidiú leo siúd atá
ag soláthar seirbhísí
oideachais feabhsú go
leanúnach**

- Tá seirbhís cóitseála ghairmiúil do phríomhoidí atá ag feidhmiú faoi láthair, ina bhfuil suas le 400 príomhoide in aghaidh na bliana in ann rochtain a dhéanamh ar chóitseáil ghairmiúil, i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2017

**Spríoc 4: Droichid níos láidre
a thógáil idir oideachas agus
an pobal i gcoitinne**

- Cheap an tAire na baill den Chomhairle Náisiúnta Scileanna agus déanfar an Chomhairle a lainseáil go hoifigiúil i mí Aibreáin 2017
- Lainseáil an tAire na Fóraim Réigiúnacha Scileanna go hoifigiúil

**Spríoc 5: Feabhas a chur ar
sheirbhísí náisiúnta pleanála
agus tacaíochta**

- Thuairiscigh an Roinn ar na saincheisteanna agus tosaíochtaí a d'aithin sí d'earnáil oideachais na hÉireann agus a mhol siad don Rialtas le cur san áireamh i gcomhthéacs na hidirbheartaíochta a thosódh a luaithe agus a dhéanann Rialtas na Ríochta Aontaithe Airteagal 50 de Chonradh Liospóin a ghairm

Sprioc 1: Feabhas a chur ar an eispéireas foghlama agus ar rath na bhfoghlaimoirí

Cuspóir 1.1

Feabhas a chur ar sheirbhísí agus acmhainní chun folláine a chur chun cinn inár bpobail scoile d'fhonn tacú leis an rath ar scoil agus sa saol

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchta
11	Suirbhé 2015 ar Scileanna Saoil a fhoilsiú, a thugann eolas faoin gcaoi ina ndéanann bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna freastal d'fholláine a scoláirí.	Gan bheith bainte amach	Tá suirbhé ar scileanna saoil na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna curtha i gcrích. Foilseofar torthaí Shuirbhé Scileanna Saoil 2015 i R2.
13	Tacú le tionscnaimh feasachta frithbhulaíochta trí thacú le forbairt agus rolladh amach ábhar oiliúna frithbhulaíochta do thuismitheoirí, múinteoirí agus boird bhainistíochta.		
13.1	Leanúint le hoiliúint a rolladh amach i dtaca le Straitéisí Idirghabhála agus Cleachtais Aisiríochta do mhúinteoirí ag leibhéal na hiar-bhunscoile.	Bainte amach	

Cuspóir 1.2

“Mórátharú” a sholáthari bhforbairt scileanna, eolais agus inniúlachtaí ríthábhachtacha chun an bunús a sholáthar don rannpháirtíocht san obair agus sa tsochaí

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchta
15	Acmhainní curaclaim a sholáthar i suíomhanna luathbhlianta chun spreagadh a thabhairt do rolladh amach Aistear, creat curaclaim atá ceaptha le leanaí a ghabháil san fhoghlaim faoi fhéiniúlacht agus muintearas, taiscéalaíocht agus smaointeoireacht, folláine agus cumarsáid a dhéanamh ar bhealach taitneamhach agus dúshlánach. Tugtar treoirí sa Chreat freisin maidir le tacú le foghlaim leanaí trí chomhpháirtíochtaí le tuismitheoirí.		
15.1	An chéad bhabhta oiliúna a sholáthar do mheantóirí chun an clár náisiúnta FGL Síolta/Aistear a sholáthar faoin 1 Feabhra 2017.	Bainte amach	
16	Forbairt a dhéanamh ar fheabhsúcháin shuntasacha sa litearthacht agus san uimhearthacht a baineadh amach ó glacadh an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta in 2011.		
16.1	An tAthbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta a fhoilsiú, a áireoidh targaidí litearthachta agus uimhearthachta leasaithe/nua, a chuirfidh san áireamh na torthaí ó staidéir TIMSS agus PISA foilsithe go déanach in 2016.	Bainte amach	
18	Ábhair agus cúrsaí nua a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe.		

	18.1	An tuarascáil deiridh a fhoilsiú maidir leis an gcomhairliúchán ar mholtaí do churaclam san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic.	Bainte amach	
21		Athbhreithniú a dhéanamh ar chlár na sraithe sinsearaí (Iena n- áirítear an Ardteistiméireacht Fheidhmeach) agus conairí gairme sa tsraith shinsearach ag féachaint le réimsí forbartha a mholadh.		
	21.1	Tús a chur le hathbhreithniú ar an tsraith shinsearach le scrúdú a dhéanamh ar fhorbairtí idirnáisiúnta.	Bainte amach	
22		I ndiaidh fhoilsiú na tuarascála ón nGrúpa Athbhreithnithe um Oideachas ETIM i Samhain na bliana 2016, dul chun cinn a dhéanamh ar straitéis a fhorbairt chun inniúlacht a mhéadú san Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Mata (ETIM) agus targaidí a shocrú don líon a ghabhann dóibh.		
	22.1	Tús a chur le cur i bhfeidhm na ngníomhartha sa tuarascáil ón nGrúpa Athbhreithnithe um Oideachas ETIM atá aitheanta le cur i bhfeidhm mar thosaíocht.	Bainte amach	
	22.2	Tosóidh Seirbhísí Tacaíochta FGL ROS ag obair ar chomhoibriú chun caighdeán a fhorbairt don FGL.	Bainte amach	

Cuspóir 1.4

Feabhas a chur ar idirlinn na bhfoghlaimoirí ag céimeanna ríthábhachtacha sa chóras oideachais agus oiliúna

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráichta
27	Bonn fianaise láidir a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht agus ar thionchar chur i bhfeidhm na bpríomhghnéithe den phróiseas um Athchóiriú ar Aistriú.		
	27.1 Foghrúpa Taighde ar an bpróiseas um Athchóiriú ar Aistriú a bhunú agus na Téarmaí Tagartha a Chomaontú	Bainte amach	

Cuspóir 1.5

Feabhas a chur ar úsáid TFC sa teagasc, foghlaim agus measúnú sa chaoi is go bhfuil foghlaimoirí feistithe leis na scileanna riachtanacha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le timpeallacht foghlama atá ag athrú go tapa

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráichta
29	An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015 -2020 a churi bhfeidhm chun feabhas a chur artheagasc, foghlaim & measúnú agus pleananna forfheidhmíthe bliantúla a fhorbairt lena chinntiú gurféidirlenár seirbhísí sa réimse seo freagairt de shíor don dea-chleachtas agus teicneolaíochtaí atá ag athrú. Féachann an Straitéis le lánacmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha a chomhlíonadh chun feabhas a chur artheagasc, foghlaim agus measúnú sa chaoi is go ndéantar smaointeoirí páirteacha, foghlaimoirí gníomhacha, cruthaitheoirí faisnéise agus saoránaigh dhomhanda de dhaoine óga na hÉireann chun páirt a ghlacadh go hiomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar.		

	29.1	Grúpa Comhairleach Forfheidhmithe a bhunú don Straitéis Dhigiteach do 2015-2020, Áireoidh an Grúpa seo ionadaithe ón Roinn, tionsclaíocht, saineolaithe acadúla, cleachtóirí/múinteoirí agus ionadaithe ó earnáil dheonach na teicneolaíochta.	Bainte amach	
	29.2	Plean forfheidhmithe don Straitéis Dhigiteach a chruthú agus a mholadh (briste síos in aghaidh na ráithe) do 2017.	Gan bheith bainte amach	Tháinig foghrúpa an Ghrúpa Chomhairligh Fhorfheidhmithe le chéile chun plean forfheidhmithe suas chun dáta ar an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna. Tá an obair ag dul ar aghaidh go leanúnach agus beidh an plean forfheidhmithe deiridh á chur faoi bhráid an Ghrúpa Chomhairligh Fhorfheidhmithe i gcoitinne i R2.
	29.3	Grúpa Pleanála Seirbhísí Tacaíochta a bhunú le comhoibriú ar FGL agus seirbhísí tacaíochta eile a phleanáil, a dhearadh agus a sheachadadh do scoileanna lena chinntiú go mbeidh cur chuige comhsheasmhach ann i dtaca le leabú TFC i clár tacaíochta (cúrsaí FGL, agus comhairle agus eolas curtha ar fáil).	Bainte amach	
30		Grúpa oibre a bhunú chun a chinneadh cén bealach is fearr le soláthar a dhéanamh don leathanbhanda ardluais do bhunscoileanna i gcomhar le DCCA E i gcomhthéacs an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus na Straitéise Idirghabhála. Forbróidh an grúpa oibre an fráma ama, i gcomhthéacs rolladh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.		
	30.1	Leanúint de mhaoiniú a leithdháileadh, faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015- 2020, chun trealamh TFC sholáthar do scoileanna, leis an gcéad tráinse (€30 milliún) le seachadadh i R1.	Bainte amach	

Cuspóir 1.6

Cur ar chumas na bhfoghlaimeoirí cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil agus feabhas a chur ar a gcaighdeán inniúlachta i dteangacha

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchta
34	An Straitéis don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe.		
	34.1 Aonad Gaeltachta a bhunú.	Bainte amach	
36	Straitéis na dTeangacha Iasachta san Oideachas a chur i bhfeidhm agus tuairisciú ar an dul chun cinn.		
	36.1 Straitéis na dTeangacha Iasachta san Oideachas a fhoilsiú.	Gan bheith bainte amach	Tá Straitéis na dTeangacha Iasachta san Oideachas á tabhairt chun críche faoi láthair. Foilseofar an Straitéis i R2.

Sprioc 2: Feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó na bhfoghlaimoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Cuspóir 2.1

Feabhas a chur ar an eispéireas foghlama agus ar na torthaí foghlama d'fhoghlaimoirí atá thíos le míbhuntáiste

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
37	Plean Gníomhaíochta nua don Chuimsitheacht Oideachais a fhoilsiú a áireoidh Creat Measúnaithe nua chun scoileanna a shainiú agus chun acmhainní a leithdháileadh faoi Chlár Tacaíochta Scoile nua. Beidh sé seo faoiréir ag creat cuimsitheach monatóireachta agus meastóireachta agus áireoidh sé tacaíocht fheabhsaithe do cheannaireacht scoile, líonraí agus braislí a chruthú do mhúinteoirí agus scoileanna, comhtháthú níos fearr idir obair na scoileanna agus na dtacaí pobail áitiúla, agus úsáid níos mó as Teagmháil Baile, Scoile agus an Phobail.		
	37.1 Targaidí socraithe do scoileanna DEIS chun feabhas a chur ar litearthacht, uimhearthacht agus coinneáil daltaí; tacaí méadaithe SNSO; forbairt ghairmiúil tosaíochta agus tacaí iompraíochta; Triail phiólótach ar chleachtas nuálach tacaíthe ag Ciste Feabhais Scoileanna.	Bainte amach	
	37.2 Straitéis a fhorbairt chun an Plean Gníomhaíochta don Chuimsitheacht Oideachais a chur in iúl	Bainte amach	
40	Snáitheanna den Phlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas a chur i bhfeidhm, sa chaoi is go mbíonn an tardoideachas níos ionadaí ar an daonra i gcoitinne.		
	40.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumais san Ardoideachas.	Gan bheith bainte amach	Tá an t-athbhreithniú ar an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas san Ardoideachas á thabhairt chun críche faoi láthair. Táthar ag súil leis an athbhreithniú a fhoilsiú i R2.
	40.2 Tionscail a thosú chun rochtain ar oiliúint tosaigh múinteoirí a fheabhsú do ghrúpaí le tearc-ionadaíocht.	Bainte amach	
42	Tuarascáil a ullmhú i dtaca leis na bacainní ar thuismitheoirí aonair ag rochtain an ardoideachais, agus moltaí na tuarascála a fhoilsiú roimh Bhuiséad 2017.		
	42.1 Tuarascáil a fhoilsiú i dtaca leis na bacainní ar thuismitheoirí aonair ag rochtain an ardoideachais.	Gan bheith bainte amach	An Tuarascáil ar na bacainní ar thuismitheoirí aonair ag rochtain an ardoideachais á tabhairt chun críche faoi láthair. Tá an tuarascáil le bheith foilsithe i R2.
45	A chinntiú go bhfuil Breisoideachas agus Oilíúint ag freastal ar riachtanais shainiúla na ndaoine dífhostaithe agus na ngrúpaí eile atá thíos le míbhuntáiste:		
	45.1 Taighde a fhoilsiú ar bhacainní ar rannpháirtíocht sa Bhreisoideachas agus Oilíúint, le béim ar leith ar dhaoine dífhostaithe agus grúpaí eile faoi míbhuntáiste.	Gan bheith bainte amach	Tuarascáil choimisiúnaithe ar na bacainní ar an rannpháirtíocht sa bhreisoideachas agus oilíúint le bheith pléite ag

				SOLAS. Táthar ag súil go mbeidh an fhreagairt deiridh ar mholtaí na tuarascála foilsithe i R2.
46		Athbhreithniú a choimisiúnú ar an gClár Ógtheagmhála.	Bainte amach	
47		Cuir chuige comhtháite Saol-Cúrsa a fhorbairt maidir le dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachais, le ráiteas beartais i dtaca leis an idirghníomhaíocht idir na bearta chun dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachais ar fud chontanam an oideachais. Cuirfear an gníomh seo chun cinn comhthreomhar le próiseas an Phlean Gníomhaíochta don Chuimsitheacht Oideachais (Gníomh 37).		
	47.1	Tuarascáil ar Ghníomh Mapála a chur i gcrích i dtaca leis an idirghníomhaíocht idir bhearta chun dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachais ar fud chontanam an oideachais, chun treoir a thabhairt do pholasaí amach anseo.	Bainte amach	

Cuspóir 2.2

Beartais agus tacaí d'fhoghlaimoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a spriocdhíriú d'fhonn tacú lena rannpháirtíocht agus dul chun cinn thar chontanam an oideachais

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
48	An tsamhail nua a thabhairt isteach do leithdháileadh muinteoírí i scoileanna príomhshrutha chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (RSO).		
	48.1 Muinteoirí a leithdháileadh ar scoileanna faoin tsamhail leithdháilte nua chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.	Bainte amach	
	48.2 Tús a chur le próiseas achomharc don tsamhail leithdháilte nua chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.	Bainte amach	
49	Dul i gcomhairle le Comhpháirtithe Oideachais maidir le codanna den Acht EPSEN a chur i bhfeidhm agus maidir le soláthar seirbhísí do leanaí a bhfuil siondróm Down orthu.	Bainte amach	
51	Obair le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí ábhartha chun seirbhís nua urlabhra agus teanga inscoile a thabhairt isteach a chruthaíonn nascachtaí níos láidre idir tuismitheoirí, múinteoirí agus Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga.		
	51.1 Cruinniú tras-earnála chun forbairt na seirbhíse nua inscoile urlabhra agus teanga a phlé.	Bainte amach	
53	Seirbhís Tacaíochta Cuimsitheachta a bhunú, faoi CNOS, chun cuidiú le scoileanna sa soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.	Bainte amach	

Sprioc 3: Cuidiú leo siúd atá ag soláthar seirbhísí oideachais feabhsú go leanúnach

Cuspóir 3.1

Méadú ar cháilíocht na Luathbhlianta chun eispéireas foghlama níos fearr a sholáthar do leanaí óga

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchta
54	Tacú le Cur i bhFeidhm Síolta an Creat Náisiúnta Cáilíochta agus Aistear, an creat curaclaim luathbhlianta.		
	54.1 Córas lárnach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don chlárú agus don rannpháirtíocht a rianú le Síolta agus Aistear.	Bainte amach	
	54.2 Athbhreithniú, leasú agus forbairt a dhéanamh ar ábhair agus acmhainní Síolta chun tacú le cur i bhfeidhm Síolta.	Bainte amach	
56	Tacú le forbairt an lucht oibre laistigh den earnáil Luathbhlianta.		
	56.1 Tuairisc choimisiúnaithe ar phróifílí róil ghairme san earnáil Luathbhlianta agus dul i gcomhairle faoi.	Bainte amach	
	56.2 Grúpa stiúrtha a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin agus na treoirlínte do na cláir ardoideachais do lucht oibre na Luathbhlianta chun tuairisciú a dhéanamh faoi dheireadh 2017.	Bainte amach	

Cuspóir 3.2

Contanam an oideachais do mhúinteoirí a fheabhsú chun múinteoirí a fheistiú leis na scileanna cearta do theagasc agus foghlaim san 21ú haois agus feabhas a chur ar cheannaireacht scoile

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchta
58	Cíoradh agus foilsiú a dhéanamh ar thuarascáil an Ghrúpa Teicniúil ar Sholáthar Múinteoirí agus scrúdú a dhéanamh ar na gníomhartha atá riachtanach leis na moltaí a chur i bhfeidhm.	Gan bheith bainte amach	Tá tuarascáil an Ghrúpa Teicniúil ar Sholáthar Múinteoirí pléite. Tá tuarascáil deiridh á hullmhú anois le bheith foilsithe i R2.
59	Leanúint den athchóiriú ar oiliúint tosaigh múinteoirí (OTM) agus ionduchtú múinteoirí.		
	59.1 Na critéir iontrála leasaithe do na cláir um oiliúint tosaigh múinteoirí a fhoilsiú.	Gan bheith bainte amach	Tar éis na comhairle ón gComhairle Mhúinteoireachta a chur san áireamh, tá tuarascáil ar na critéir iontrála leasaithe do na cláir um oiliúint tosaigh múinteoirí ag an gcéim deiridh den dréacht agus táthar ag súil go mbeidh sí foilsithe i R2.
60	Ceannaireacht a láidriú trí thacaíocht fheabhsaithe do Phríomhoidí.		
	60.1 Seirbhís cóitseála ghairmiúil a thabhairt isteach do Phríomhoidí atá ag feidhmiú, ina mbeidh suas le 400 Príomhoide in aghaidh na bliana in ann rochtain a dhéanamh ar chóitseáil ghairmiúil.	Bainte amach	

62		Athrú ar an struchtúr ceannaireachta agus meánbhainistíochta agus ar na feidhmeanna a dhéantar i scoileanna acu siúd a bhfuil poist freagrachta acu.		
	62.1	Tús a chur leis an bplé ar an gcioclán Ceannaireachta chun tacú leis na hathruithe ar an struchtúr agus feidhmeanna ceannaireachta agus meánbhainistíochta.	Bainte amach	
	62.2	Plé a bhogadh ar aghaidh le Bord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann ina spreagfar na BOOanna le cur chuige níos solúbtha agus níos spriocaimsithe a ghlacadh i dtaca le húsáid na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha.	Bainte amach	
65		Gairm na múinteoireachta a rialáil.		
	65.1	Dul chun cinn a dhéanamh ar an gcéim fáis de chuid Droichead tríd an gComhairle Mhúinteoireachta. Measúnú agus scrúdú a dhéanamh ar impleachtaí an bheartais a d'fhéadfadh an Chomhairle Mhúinteoireachta a chur chun tosaigh i mbeartas athbhreithnithe de chuid Droichead.	Bainte amach	

Cuspóir 3.4

Cáilíocht a fheabhsú, barr feabhais agus nuálaíocht a chur chun cinn, agus neamhspleáchas a mhéadú do scoileanna

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchta
75	Tús a chur le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcáilíocht san Ardoideachas. Tá scrúdú á dhéanamh faoi láthair ar na saincheisteanna atá le clúdach san athbhreithniú, agus an cur chuige beartaithe atá le glacadh, d'fhonn tús a chur leis an athbhreithniú i R1.	Gan bheith bainte amach	Tá cleachtadh scrúdaithe ar an athbhreithniú ar an gcaighdeán san Ardoideachas á thabhairt chun críche faoi láthair agus tá sé le bheith críochnaithe i R2.
78	An tSeirbhís Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí Cláir (PLSS) a chur i bhfeidhm chun bunachar sonraí Breisoideachais agus Oiliúna a sholáthar a thugann eolas i dtaca le nascachtaí torthaí agus tacaí le tacaí shonraí eile, chun ligean d'obair leantach ar fhoghlaimoirí nuair a chríochnaíonn siad cúrsa; tomhas ar thionchar an chúrsa ar stádas shocheacnamaíoch na bhfoghlaimoirí; agus an phleanáil do sheirbhísí tacaíochta agus tosaíochtaí infheistíochta.	Bainte amach	
79	Feabhas a chur ar thionchar na scéimeanna PLC, VTOS agus BTEI, trí athbhreithniú a dhéanamh ar gach clár, an t-athbhreithniú a fhoilsiú, agus pleananna forfheidhmithe a bhfuil amchláir leo a leagan amach.		
	79.1	Na torthaí agus moltaí ón meastóireacht ar an Iar-Ardteistiméireacht (PLC) a fhoilsiú.	Tá meastóireacht choimisiúnaithe ar an PLC á plé ag SOLAS faoi láthair. Tá tuarascáil na meastóireachta PLC agus an fhreagairt ar an meastóireachta PLC le bheith foilsithe i R2.
80	An t-athbhreithniú ar an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas a chur i gcrích. Cuireann an Fóram saineolas agus ionchuir ó ar fud earnáil an Ardoideachais ag obair chun an dea-chleachtas a leathnú agus a mhúnlú sna hinstiúidí uile.	Gan bheith bainte amach	Tá dul chun cinn déanta ar an athbhreithniú ar an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas agus tá mionanailís ar thorthaí suirbhéanna, cás-staidéir

				agus agallaimh le páirtithe leasmhara ar bun. Táthar ag súil go mbeidh an t-athbhreithniú curtha i gcrích i R2.
81		Tús a chur le dámhachtainí náisiúnta um thionchar ar an bhfoghlaim a dhíríonn ar dhisciplíní (TRACE+) ag an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas. Aithneoidh siad seo na disciplíní ardoideachais ina dtiomantas d'fhorbairt an bharr fheabhais sa teagasc agus san foghlaim.		
	81.1	Scéim dámhachtainí TRACE+ (tionchar náisiúnta ar an bhfoghlaim a dhíríonn ar na disciplíní) a lainseáil.	Bainte amach	

Spríoc 4: Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal i gcoitinne

Objective 4.2

Ról na dtuismitheoirí agus na scoláirí a neartú, agus dul chun cinn a sholáthar i dtaca le rogha scoile níos mó a chur ar fáil

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchta
85	An fócas a neartú maidir le costais scoile a laghdú do thuismitheoirí.		
	85.1 Bearta a chur i gcrích agus a fhoilsiú atá le glacadh ag scoileanna chun costas na héide scoile a laghdú.	Bainte amach	
86	An reachtaíocht maidir le hiontrálacha chuig scoileanna a bhogadh ar aghaidh le go mbeidh an rollú níos éasca do leanáí agus do thuismitheoirí.		
	86.1 Próiseas comhairliúcháin a chur i gcrích maidir le an tionchar agus ról atá ag an reiligiún i lígean isteach i scoileanna, lena n-áirítear an tionchar ar mhionreiligiúin, na saincheisteanna faoi na scoilcheantair éigeantacha, an tionchar ar iompar scoile, agus ar na saincheisteanna faoi na cearta iomaíochta agus an Bunreacht. Próiseas comhairliúcháin le críochnú i R1. Na chéad chéimeanna eile le léiriú agus le seachadadh ó R2, ag brath ar thorthaí agus cinntí ag éirí as an bpróiseas comhairliúcháin.	Bainte amach	
87	400 scoil il-shainchreidmheacha/ neamh-shainchreidmheacha a bhunú.		
	87.1 Cur chuigí nua a fhógairt chun an targaí a chur i gcrích maidir le 400 scoil il-shainchreidmheacha/ neamh-shainchreidmheacha a bhunú faoi 2030.	Bainte amach	
	87.2 Na próisis pátrúnachta do cheithre bhunscoil nua atá le hoscailt in 2017 agus in 2018 a chur i gcrích.	Bainte amach	
	87.3 Grúpaí Oibre a bhunú faoi na prótacail maidir le pátrúnacht a athshannadh agus cónascthaí scoile.	Bainte amach	
	87.4 Plé a thosú leis na pátrúin atá ann cheana féin agus na pátrúin fhéideartha ar na "tionscnóirí nua" a d'fhéadfadh a bheith ann - scoileanna a léirigh cheana féin gur mian leo athshannadh pátrúnachta a bhaint amach.	Bainte amach	
88	Beartas a fhorbairt maidir le prótacal cónasctha d'athchumrú scoileanna chun éagsúlacht chineál na scoile a mhéadú.		
	88.1 Grúpa Oibre a bhunú le prótacal cónasctha a fhorbairt d'athchumrú scoileanna chun éagsúlacht chineál na scoile a mhéadú.	Bainte amach	

Cuspóir 4.3

Feabhas a chur ar ár gcumas le riachtanais scileanna náisiúnta agus réigiúnach a shásamh

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
90	Freagraí nuálacha do na bearnaí scileanna a fhorbairt i réimsí príomhthosaíochta an gheilleagair: TFC, teicneolaíochtaí agus an bhithchógaisíocht ina measc.		
	90.1 Tairseach sonraí nua a dhearadh i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, hEA, SOLAS, Ollscoil Mhá Nuad, DKIT, AIT agus DCU le feabhas a chur ar shonraí scileanna a bheith ar fáil.	Bainte amach	
91	An Chomhairle Náisiúnta Scileanna a bhunú, a úsáidfidh na sonraí ar na riachtanais scileanna chun dul i ngleic go réamhghníomhach ar na bearnaí scileanna atá ag teacht chun cinn, agus sainordú athbhreithnithe a fhorbairt don Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí.		
	91.1 An Chomhairle Náisiúnta Scileanna a bhunú.	Bainte amach	
	91.2 Athbhreithniú a dhéanamh ar an sainordú agus é a chur i gcrích don Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí.	Bainte amach	
92	Maoirseacht a dhéanamh ar obair na bhFóram Réigiúnacha Scileanna agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht. Is é aidhm na bhFóram struchtúr oideachasthreoraithe comhtháite a chur ar fáil d'fhostóirí agus do na córais Breisoideachais agus Ardoideachais chun comhoibriú le chéile le riachtanais scileanna a gceantar a aithint agus le dul i ngleic leo.		
	92.1 Lainseáil fhoirmiúil na bhFóram Réigiúnacha Scileanna.	Bainte amach	
95	Creat nua um Fheidhmíocht Córas a fhorbairt don Ardoideachas ar feadh na tréimhse go dtí 2021.	Gan bheith bainte amach	Beidh Creat nua um Fheidhmíocht Córas don Ardoideachas don tréimhse go dtí 2021 curtha i gcrích i R2 tar éis tuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh leis an bhfiontar.
97	Athbhreithniú a chur i gcrích ar Phlean náisiúnta reatha Gníomhaíochta Scileanna TFC 2014 - 2018 agus an plean athbhreithnithe a fhoilsiú.		
	97.1 Plean athbhreithnithe a fhoilsiú chun freastal ar an éileamh ar chéimithe TFC atá ag méadú don soláthar intíre chun na riachtanais scileanna de chúrsaí fiontair a chomhlíonadh trí thionscnaimh phríomhshrutha agus spriocdhírthe lena n-áirítear Springboard+.	Gan bheith bainte amach	Dul chun cinn á dhéanamh ar an dréachtphlean agus ag fanacht ar ionchuir ón RPFN. An plean le bheith tugtha chun críche i gcomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara cuí, agus déanfar socrúithe foilseacháin ina dhiaidh sin i R2.

Cuspóir 4.4

Éagsúlacht níos mó de dheiseanna foghlama amuigh ón scoil a chruthú

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráichta
98	Na córais printíseachta agus cúrsaí oiliúna a láidriú trí fheabhas a chur ar raon na gcúrsaí agus líon na n-áiteanna do scoláirí a mhéadú; targaidí an Rialtais de bhreis agus 100 scéim printíseachta a bhaint amach, agus targaid charnach de 50,000 clárúchán printíseachta agus cúrsaí oiliúna go 2020. Is ionann é seo agus iomlán de 31,000 clárúchán printíseachta agus 19,000 i gcúrsaí oiliúna thar na tréimhse go dtí 2020. Bheadh meán bliantúil i gceist de 6,000 printíseacht agus 4,000 ar chúrsaí oiliúna.		
	98.1 Feachtas brandála agus margáiochta nua a thosú do chúrsaí printíseachta.	Bainte amach	
	98.2 Forbairt na bprintíseachtaí ó chatagóirí 2 agus 3 de ghairm 2015 a fhaomhadh, áit ar comhaontaíodh na pleananna tionscadail.	Bainte amach	

Cuspóir 4.6

Fócas níos láidre a chruthú ar Fhiontraíocht, Cruthaitheacht agus Nuálaíocht

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráichta
105	Tagarmharcáil a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí fiontraíochta san Ardoideachas chun comhoibriú leis an hEAS leis an plean uaimhianach agus atáthar in ann a chur i bhfeidhm a chinntiú leis na bearnaí scileanna, TFC agus riachtanais STEM a aithint agus le dul i ngleic leo.		
	105.1 An tuarascáil hEInnovate ar an bhFiontraíocht san Ardoideachas a chur i gcrích agus a chur i bhfeidhm.	Gan bheith bainte amach	Tá an tuarascáil á tabhairt chun críche agus tá sí ag dul tríd an bpróiseas faofa san ECFE faoi láthair. Beidh an tuarascáil mar bhonn eolais don Chreat um Fheidhmíocht Córas go dtí 2021. Tá na socruithe lena foilsíú i R2 ar bun.
	105.2 Creat nua um Fheidhmíocht Córas don Ardoideachas don tréimhse 2017 - 2021 a fhorbairt.	Gan bheith bainte amach	Féach gníomh 95 thuas.
108	An Chairt Ealaíon san Oideachas a chur i bhfeidhm, ag brath ar Mhaoiniú ó Chuntas Neamhfheidhmithe a tharraingt anuas.		
	108.1 Tosú ar na Comhpháirtíochtaí um Oideachas Ceoil (COCanna) a leathnú amach faoi chúram Music Generation, go dtí suas le naoi cheantar bhreise sa tír, tionscadal atá á chómhaoiniú ag US/the Ireland Fund agus an ROS, le glao ar iarratais do Chéim 2 (2017-2021).	Bainte amach	

Cuspóir 4.7:

Líon na dtaighdeoirí a mhéadú, clár maoinithe a chur ar bun do Thaighde Teorann chun cur ar chumas na chéad ghlúine eile de thaighdeoirí aistriú go stádas Príomhthaighdeora agus tionscnaimh a fhorbairt chun taighdeoirí den scoth a mhealladh, go háirithe i gcomhthéacs Brexit

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
110	Ciste nua iomaíochta a bhunú le go mbeidh an chéad ghlúin eile de thaighdeoirí aistriú a dhéanamh chuig an stádas um Príomhimschrúdaitheoir. Beidh trí leibhéal i gceist leis an gClár - Deontas Tosaigh (tar éis iardhochtúireachta - leibhéal léachtóra shóisearaigh); Deontas Comhdhlúthóra (leibhéal léachtóra/ comhalta taighde shinsearaigh) agus Ard-deontas (Léachtóir Sinsearach/Ollamh - Príomhimschrúdaitheoir). Mairfidh na dámhachtainí suas le ceithre bliana ó thaobh ama.		
110.1	Seoladh an chláir le cur ar chumas an chéad ghlúin eile de thaighdeoirí aistriú chuig an stádas Príomhimschrúdaitheora	Bainte amach	
112	Straitéis a fhorbairt chun taighdeoirí domhanda den scoth a mhealladh go hÉirinn i gcomhthéacs an Bhreitheachta. Féadfaidh an straitéis seo dámhachtana breise a áireamh á maoiniú ag an Comhairle Taighde na hÉireann do thaighdeoirí nó lucht acadúil a athlonnaíonn.		
112.1	Straitéis a fhorbairt agus a fhoilsiú le taighdeoirí den scoth a mhealladh go hÉirinn i gcomhthéacs Brexit.	Gan bheith bainte amach	Tá an obair ag leanúint ar aghaidh maidir le forbairt a dhéanamh ar straitéis chun taighdeoirí den scoth a mhealladh go hÉirinn i gcomhthéacs Brexit, agus grúpaí oibre faoi threoir Ardoideachais á socrú ag Acadamh Ríoga na hÉireann a thuirisceoidh ar na gníomhartha molta. Beidh straitéis tugtha chun críche tar éis an obair seo a chríochnú i R2.

Cuspóir 4.8

Éire a shuíomh mar ionad inmhianta do mhic léinn idirnáisiúnta

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
114	An Straitéis Idirnáisiúnta Oideachais 2016-2020 a chur i bhfeidhm, tríd an nGrúpa Oibre Ardleibhéil freagrach.		
114.1	Leasú a dhéanamh ar an gcead le fanacht siar atá 12 mhí do scoláirí idirnáisiúnta chun scoláirí idirnáisiúnta a fheidhmíonn go láidir a spreagadh tuilleadh le teacht go hÉirinn chun na riachtanais scileanna agus teanga reatha mar atá aitheanta ag cúrsaí gnó a chomhlíonadh.	Bainte amach	

Sprioc 5: Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta

Cuspóir 5.1

Maoirseacht straitéiseach a threisiú agus díriú ar sheachadadh chun torthaí

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
115	Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an “Plean Gníomhaíochta d’Oideachas agus Scileanna 2016-2019”, agus measúnú a dhéanamh ar na dúshláin atá le teacht le bheith mar an tseirbhís oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip.		
	115.1 Athbhreithniú ar ghníomhartha 2016 a fhoilsiú ón “ Plean Gníomhaíochta d’Oideachas agus Scileanna 2016-2019”.	Bainte amach	
	115.2 “Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2017” a fhoilsiú.	Bainte amach	
117	Treo straitéiseach níos fearr a sholáthar i rialachas, bainistíocht agus úsáid sonraí de chuid na Roinne.		
	117.1 Straitéis Sonraí na Roinne a fhoilsiú.	Bainte amach	
	117.2 Plean Cur i bhFeidhm na Straitéise Sonraí a fhorbairt.	Bainte amach	
124	Cur chuige caighdeánaithe i dtreo an rialachais agus na cuntasachta a fhorbairt ar fud na hearnála oideachais lena chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú go seasmhach ar fud na hearnála oideachais de na riachtanais um chomhlíonadh an rialachais chorparáidigh.		
	124.1 Tabhairt faoi athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis agus nósanna imeachta rialachais chorparáidigh de na gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus tátal agus moltaí ón athbhreithniú a chur ar fáil do gach gníomhaireacht.	Bainte amach	

Cuspóir 5.3

Feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí tacaíochta náisiúnta agus seirbhísí comhroinnte

Gníomh/ Foghníomh	Gníomhartha/foghníomhartha do Ráithe 1	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
130	Plean seirbhísí comhroinnte 2017-19 a fhoilsiú don Roinn agus don Earnáil Oideachais agus Oiliúna i gcomhréir le Straitéis Seirbhísí Comhroinnte an ROS.	Bainte amach	
132	Tacú le rolladh amach Aonad Tacaíochta na Seirbhísí Airgeadais don earnáil bunskoileanna.		
	132.1 Foireann tosaigh a earcú leis an seirbhís ATSA a sholáthar ag an leibhéal bunskoile.	Bainte amach	
135	Tús a chur leis an rannpháirtíocht le hearnáil an BOO maidir leis an gcéad chéim eile de dhearadh na heagraíochta.	Bainte amach	
140	Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar Acmhainní Daonna na Roinne.		
	140.1 Plean nua den Lucht Oibre a fhorbairt don tréimhse 2017-19.	Bainte amach	
	140.2 Bainistiú a dhéanamh ar fhoireann faoi mhíchumas a fhostú agus tuairisciú a dhéanamh chuig an údarás	Bainte amach	

		Náisiúnta Míchumais tríd an R/CPA, i gcomhréir le Cuid 5 den Acht um Míchumas 2005..		
142		Feabhas a chur ar na próisis ghnó trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht Sé Shigme Barainneacha um Fheabhsú ar Phróiseas Gnó.		
	142.1	Plean Cumarsáide Inmheánach um Fheabhsú ar Phróiseas Gnó a fhoilsiú.	Bainte amach	
143		Bainistiú a dhéanamh ar chlár chómhainithe de chuid an AE agus leas a bhaint as deiseanna chómhainithe.		
	143.1	Caiteachas deiridh faoin gClár Oibríochta um Infheistíocht Caipitil Daonna 2007-2013 a dheimhniú, arna chómhainiú ag an AE tríd an CSE.	Bainte amach	
	143.2	Caiteachas deiridh faoin EGF Lufthansa technik Airmotive Ireland arna chómhainiú ag an AE a dheimhniú.	Bainte amach	
144		Freagairt na Roinne don éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht ar ár gcóras oideachais a fhorbairt agus do sheachadadh an Phlean Ghníomhaíochta don Oideachas 2016-2019.		
	144.1	Comhairliúchán a dhéanamh leis an earnáil oideachais agus ionchur sa Dara Plé Sibhialta Iomlánach ar Brexit.	Bainte amach	